

# Gaeltacht

13ú Aibreán, 1973

Iml. Uimhir 6

Gach coicis

LUACH 6p

## Ceilín Úr leis An Clannad

Ní bheidh i bhfad le fanacht ag lucht leanuint "An Clannad" go mbeidh a gceirnín úr ar an mhargadh. Beidh duisín amhrain ar agus ina measc "An Phairc" a cheol siad i gComórtas Eurofise na hÉireann chomh maith le "Thíos Cois na Tra" a chum Pádraig Ó Domhnaill (An Dalach). Amhran eile atá cinnte a bheith iontach coitianta, "An tOileán Úr." Sean amhran nar cheoil siad go poiblí go fóill.

Imasc na bpíosaí ceoil ionstraime atá ar an cheirnín seo tá "An Mhaighdean Mhara" agus "Caoineadh Brian Boru" ina bhfuil an chlairseach, an fheadog stain, an giotar, drumaí, agus gleas ceoil nach bhfuil rochoiteanta san thír seo, an liut.

Beidh an ceirnín le fáil ag tus an tSamhraidh air lipéad "Polydore."

De réir cosulachta beidh "An Clannad" iontach gnoitheach i rith an tSamhraidh seo agus beidh éileamh níos mo aris ortha de thairbhe an cheirnín úir seo, agus fiu amhain tá iomra ag gabhail go mbeidh siad ag dul go dtí na Stait Aontaithe ar thuraí.

Ach sul a dteann siad ar thuras ar bith, beidh seans iad a fheiceáil ag an Cháisc i dTabhairne Leo i Mín na Léice, (an 21ú, 22ú, 23ú de'n mhí seo).



o chlé:

Seán Ó Colla, Connie Ní Cheibhleachán, Aodh Ó Colla, Máire Ní Cholla, Feargal Ó Colla, Áine Ní Oireachtaigh.

Pósadh Aodh, G.S., mac le Mícheál Ó Colla agus a bhean, Máire, Carraig, Áirt, le Máire, níon Séamus Uí Cholla agus a bhean Sinéad, Croc na Carraige, Port na Blaithche.

Pósadh an Ianúin i dTeampall Naoimh Mhíchíl, an Craosloch. An tAthair Ó Daoine a phós iad. Chaith an Ianúin mí na meala in Éirinn agus tá cónaí ortha fá láthair i Muineacháin.

Dearthar do Mháire is ea Fiontán Ó Colla. Baill de Chóiste Ghór na nGael an Craosloch is ea Fiontán agus a áthair, Séamus.



# Machnamh

Seo agaibh somplaí de aistriúchán urnua ar na Saimí. D'aistrigh mé iad go díreach ón Eabhras (Biblia Hebraica Kittel). Ghlac mé le coigeartú anois agus arís. Rinne mé mo dhícheall claoi le rithim agus le meadaracht na hEabhráise Níorbh fhéidir gan ranntaí garbha Gaelig a scriobh anois agus arís!

Ba mhaith liom go ndéantai léirmheas air. Ná bídóth leiscort, cibé acu sagart na tuatach, fear nó bean thú, scriobh chugam. Cuidigh liom na lochtanna a leasú sula gcuirtear i gclo iad, agus is mé a bhios fá chomaoín agat.

Cosslett O Cuinn, 67 Wellington Road, Ath Cliath 4

SALM 39 (38)

Thug mé briathar a sheachaint, mar pheaca an Bhriathair,

agus srian a chur le mo theanga, fhad is tá droch-fhear i láthair,

Fá thocht, fá thost ón dea-ghuth féin,

thainig méadú ar mo chrá a théidh an croí i mo lár,

ghlac mo smaointe tine, thainig briathar ar mo theanga,

Nocht, a Choime, dhom mo chríoch, cá fhad mo sheal de shaol,

Tábhair fios dom ar ghiorracht mo laethach,

Níl i mo bheatha ach leithead láimhe, is nimhni a fhad uile i do láthair,

níl i nduine dá seasann ach puth analá,

níl san duine is mó da siúlann ach scáile,

nó san mhaoin a chruinnionn stád ach cnap cheo,

ó nach bhfiosann sé cé a bhaileoidh,

Agus anois cé leis a bhfuil coinne agam, a Choime,

Sé rud tá dóchas agam asat

Fuasail mé ó mo chionnta uile, ná bím i mo bhall seire ag bodaigh,

Bím i mo bhéal bhalbh gan smid, is tú a rinne an ghníomh sin,

Ná sciúrsáil mé a thuille, táim sáraithe ag trombhullí do láimhe,

nuair a aifreann tú a mhígníomhartha ar dhuine,

imíonn a mhaise mar bhéadh leamhan dá chreimeadh,

níl in aon duine ach puth gaoithe,

Eist le mo ghui a Thiarna, nach gcluineann tú mé ag glaodh ort,

Ná tabhair cluas bhodhar do mo chaoineadh,

Oir níl ionam ach aoi na haonáiche idir dhá dtír, mar bhí mo sheacht sinsear

romham

Tóg do shúil diom go bhfaigh me m'anál, sul a dtéim as agus nach ann dhom

## Dinéar brontanais

Táthar ag súil go mbeidh scáife te mór i láthair i Ostán Ghleannbé oíche Mháirt an 24ú lá de Aibreán. Tá dinnean a reachtáil ag iarscoláirí Sheáin Mhic Phionnlaoich iar-O.S. An Bun Beag ina onair mar gur éirí sé as a phost le goirid.

Bhí caill náisiúnta ar Sheáin mar mhúinteoir agus sin tuillte go maith aige no ní raibh scoil eile sa tír a fuair, oiread scoláireachtaí agus a fuair a chuid daltaí. Tháinig Scoláirí ag triall air as gach Condaí i nÉirinn agus tá siad scaitte ar fud na tíre agus i náit-eannaeaguslaar fud an domhan inniu.

Beidh cuid mhór acu seo i láthair ag an dinnéar agus má tá duine ar bith de bhunú na háite nach bhfuair tícéad go fóill moltar dóibh iad a fháil gan mhoill tré iarratas a chur isteach chuig Banc na hEireann, An Bun Beag Guthan Bun Beag 116.

## An Scoláire

Ar an 18ú lá Aibreán, beidh iris scoláirí Ard-Scoil Mhuire ar fáil do'n phobal.

I mbliana tá sé i bhfad níos mó na bhí ariamh, pacáilte le altanna i nGaeilge Béarla agus Francais, scealtaí grinn agus pictiúirí suimiula Seo obair na scoláirí iad fhéin agus is mó an moladh atá tuillte acu as an sárobair seo.

Dé réir cosulachta beidh éalámh mór ar an irisleabhar seo agus b'fearr ordú a fháil isteach go luath.

Margadh maith é ar 15p.

BEIDH

## An Scoláire

IRIS SCOLÁIRÍ ARD-SCOIL MHUIRE

ar díol Dé Ceadaoine 18 Aibreán

luach 15p

A Eagarthóir, a chara,

Tá Bunscoil Ghaelach Bhéal Feirste ag iarraidh bánmhúinteoir cáilithe a bhuil an Ghaeilg aicí ó dhúchas le toiseacht a theagasc i Ní Mheán Fómhair i mbliana Bunaigheadh an scoil i 1971 le riad do pháistí atá á dtóigáil le Gaeilg i mBéal Feirste. An chéad bhliain bhí naonbhar páiste ann as seacht dteaghlaigh. Ag túa na scoilbhliana seo chugainn beidh 20 páiste eadar ghasúráí agus ghiorachsacháin ó 4 go dtí 8 mbliana d'aois as 10 dteaghlaigh. Ní teagasc Gaeilge is cuspóir do'n scoil ach buoideachas iomlán fríd Ghaeilg a chur ar fagháil mar a gnítheoir i scoil Ghaeltachta. Díolfar tuarastal leis an mhúinteoir de réir scála Róinn Oideachais Bhaile Ath Cliath agus breis.

Tá mé ag scriobhadh chugat mar i ndúil 'sgo mbeadh aithne ag léightheoir éigin ar mhúinteoir de bhunadh na Gaeltachta, bídóth sí i nEirinn, i Sasain, i nAlbain nó sa Breatain Bhig, a mbeadh suim aicí sa phosta seo.

Má tá a leithéid e aithne ag léightheoir ar bith bhéinn faoi chomaoín aige dá gcuireach sé a hainm agus a seoladh chugam sa chruth 'sgo dtiocfadh liom eolas an phosta a chur chuici.

Is mise,  
Bríghid ní Monachaín,  
Rúnaí.

## GASÚIR GHABHLA

(Eachtra eile)

Tús an tsamhraidh a bhí ann. Bhí aimsir maith a's bhí daoine gnoitheach ag giollacht na mónadh.

In Gabhla bhí séasúr na mónadh luath an bhiain sin a's bhí sí sabháilté faoi'n am sol. Os rud í nach raibh dadaidh le déanamh cuireadh Patrick a's Johnnie

amach go thír mór, go Luinneach Beag, an áit a raibh aintíne leo pósta. Bhí sise marbh ach bhí fear Charlie a's a mhac Siomon ina gcónai ansin.

Caitheadh lá iomlán thoir sa Ghleann a's tóigadh 'deireadh na mónadh. Chodlaigh na gasúir go maith an oíche sin mar bhí na sciatháin a's na másai síos leo ó thóbail cléibh ar na fir ach mar sin fhéin bhí lucháir an tsaoil orthu go raibh an obair uilig deánta mar bheadh cead coise acu lá thar na bhára.

Ach bhí pleán eile ar fad ag Charlie fa ná gcoinné. Bhí aintíne eile ar an tSeascan Bheag a's mheas sé go bhféadfai la eile oibre a bhaint as na gasúir ag tóbail na mónadh do aintíne Máire. Nuair a d'éisigh an péire ar maidin bhí an mac ar shúil chun an tSeascaí Bheag. Ach bhí an mí-adh ar na gasúir. Tháinig carraeir an bealach, cuireadh na gasúir ar bord a's hiarradh air iad a ligint amach inaice leis an tSeascan Bheag.

Ach bhí pleán dá gcuind féin ag na gasúir. Fuair siad amach ó'n charraeir go raibh sé ag gabháil go stáisiún na traenach, áit nach raibh siadsan ariamh.

"Rachaidh muid go dtí'n stáisiún" arsa Patrick.

"Rachaidh", arsa Johnnie, "nó ní ró-mhinic a fhraigheann muid seans de'n tseort".

Baineadh an stáisiún amach a's chonaic na gasúir rudaí iontacha gan amhras. Chuala siad feadalach ghéar fhada a's chí siad chucu an phéist mhór fhada, go géar gasta

ar dtus, go mall réidh ansin. Tháinig pasantóiri ó'n traen, ach duine ní deorai níor aithin siad. Níor chuir sin isteach ní amach orthu, ach bhaige bhí suim acu sna bascóidi builbhíni bhítheair a iompar amach.

"Tá ocras orm fhein," arsa Johnnie. "Tá," arsa Patrick, "ach ni bheidh i bhfad."

Fuair siad an seans a's lónadh na pócaí le builbhíni bhreáthá bhoga agus as go brách leo amach as an stáisiún a's síos an bóthar leis an charraeir.

Fa dheireadh thiar thall bhain siad aintíne Máire amach ach má bhain chan fa choinne oibre.

Tugadh féasta brea do'n bheirt agus greadadh amach chuig lucht tóigála na mónadh iad. Ach anois thoisigh an cogadh dearg. Hiarradh orthu na cléibh a lónadh agus a thóbail ar na fir. Ach níorby í sin an rud a rinne siad. Thoisigh siad a chaitheamh na bhfód ar na fir a's bhfaiteadh na súl bhí an dá thaobh sa chomhraic. Chúlaigh na gasúir giota ar ghiota ní bhí siad sa mhionlach.

Fa dheireadh thiar thall bhain siad na bonnáí as. Níor tharraing siad anal go raibh siad ar an Bhunbeag. Admhaill to leor bhí bád as an oiléán a muigh agus bhain siad an baile amach an oíche sin. D'inis na gasúir scéal maith orthu fhéin agus cé bheadh 'na dhiaidh orthu. Ar scor ar bith chuir sin deireadh le tóbail mónadh ar an tir mór.

An tOileánach a scriobh

TÁ CEOL GACH OÍCHE AG

## TABHAIRNE LEO

DEIREADH SEACHTAINE AN CAISC

21, 22, 23ú, lá Aibreán

AN CLANNAD

agus

CEOLOIRÍ TRADISIUNTA RANN NA FEIRSTE.

## S.N. Ó Domhnail

Éadai do'n teaghlaech

An Clochán Liath

# Rádió na Gaeltachta



DE SATHAIRN 14u Aibrean

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Spóirt. 7.30 Seisiún. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Tuairisc Pearsanta. 8.30 A Ghloria, a Chara. 8.45 An Druma Mór. Urséal cálíúil Sheosamh Mhic Grianna a bhuaidh Duais an Bhuitéirigh a léamh ag Seán Ó Gallchóir ina dhá mhír déag. (Mír a cuig) 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE DOMHNAIGH 15u Aibrean

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Séan Bán Breathnach. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.10 Sa faobh seo den Tír: Sreath leácta! ó Bhaill Bhord Staidéar Seachtracht Choláiste na h-Ollscoile Gailimh ar staid na Gaeltachta inniu. 8.30 Spóirt Idírlinn. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DE LUAIN 16u Aibrean

7.00 Nuacht agus Aimsir 7.06 Sibhse a Pháistí Clár don óige, a chur i lathair ag Aingeal Ní Chonchubhair. 7.30 Iris an Luain Comhrá agus caibidil ar chúrsaí an lae ó Ghaeltachtaí éagsula na tire chomh maith le dreas ceoilanois agus ar's. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil 8.30 Séamus Ennis Anseo. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DE MAIRT 17u Aibrean

7.00 Nuacht agus Aimsir 7.06 Togha agus Rogha Rogha na nEisteoirí a dtógha ag Timlín Ó Ceardaigh. Neasa Ní Chinnéide agus Maidhe P. Ó Conaola. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Cré na Cille Léamh drámatiúil ar leabhair cháiliúil Mháirtín Úí Chadhaín ó Aisteoirí Chonamara. 8.30 Lán a Mhála. Ceol tire nuabhallithe. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE CEADAOINE 18u Aibrean

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal leis na Ridirí le Micheál Ó Shea. 7.30 Iris na Ceadaoine 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil 8.03 Iris na Ceadaoine (Cuid a dó) 8.30 Faidhbanna Gaeilge 9.00 Nuacht agus Aimsir

DIARDAOIN 19u Aibrean

7.00 Nuacht agus Aimsir 7.06 Díbhse a mhná 7.30 "Sí do Mhamó" 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil 8.03 An tSeachtain Seo 8.30 Sa mBruiseáil 8.40 Rogha Gene Martain 9.00 Nuacht agus Aimsir

DE hAOINE 20u Aibrean

7.00 Nuacht agus Aimsir 7.06 Sibhse a Pháistí 7.30 Iris na hAoine 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil 8.03 Céad Bláin i bpáistí an Fhiáraigh 9.00 Nuacht agus Aimsir

## Cuimhneachán Bliana

I ndil chuimhne ar gcara beag Eoin Mac Aoidh, atá dha bhliain marbh.

O na chairde beaga i nDoire Beaga.

## Ó LAODAIGH

Le failtanois:

Péint i gcomhair bádáí iascaireacht.

## An Clochán Liath

Guthan 56.

## An Craoslach

Tá sé ar intinn ag Coiste Ghlor na Gael páirt a ghluacadh san Chomortas Naisiunta i mbliana arís. Thuill Paroiste Chluain Dá Chorca teastas anuraidh agus fuair siad duais airgid 1971.

Ag an cruinniu míosúil de na Patriciana in Halla Mhuire agus Mhíchil thug Sorcha Ní Chafraidh agus an tAthair Daibhidh, O.F.M. Cap., cainteanna ar "Oileán na Naomh agus na nOllamh." Ní raibh an slua romhór mar bhí an oíche fuar ach pléadh an t-abhar agus bhí díospoireacht suimiul ann. Táthar ag súil le slua mór ag an chéad chruinniu eile ag deire na míosa nuair a pleafar an t-abhar "True Devotion to the Nation".

Ta failte roimh Séamus Ó Dónaill O.S. agus Eibhlín ar ais o Bhaile Átha Cliath. Chaith siad cupla mí san Ardchathair.

Tionolfar cruinniu Cinn bliana den Chomhair Creidmheasa san Pier Lounge, Port na Blaithche, ar an 15u Aibrean. Beidh damhsa ann an oíche cheanna.

Ta na sluaite ag freastal ar an Bhingo gach oíche Domhnaigh. Cumann Luthchleas Gael atá a stiuru.

Comhghairdeachas leo seo leannas a bhain duaiseanna ag an Bhingo ar an Chlochan Liath Dé Domhnaigh a chuaigh thart: £10 Séan Ó Domhnaill an Clochan Liath Bean Uí Rabhartaigh an Chlochan Liath, Maighread Ní Mhuirí, Ailt an Chorráin. £15 Conal Ó hAnlnain Leitir Mac a Bháird. £30: P.O. Fearraigh Gaoth Dobhair. £8: Máire Ní Colla, Rann na Feirste. £15: Gearaldín Ni Ghallchoir, an Chlochan Liath, £8: Máire Ní Dhughaidh, Loch an Iúir, Anna Ni Bheannan Mín na Croise. £50: Seamus Ó Baoill, na Gleannntaí.

## oíche mhór

Bhí oíche mhór eile ag Cumann Oige Loch an Iúir ins an Shamrock Lodge an Fál Carragh tá goirid ó shin, le airgid a chruinniu fá choinne an Chúairt Liathroid Laimhe úr atá a thogail acu i Loch an Iúir. Damhsa agus suipear a bhí acu agus an áit líonta go doras mar bhios i gconaí achan áit a dteann siad. Sé buion ceoil na "Champions" a bhí ann ag seinim, Buion ceoil a bhfuil eileamh mór ortha ar fud na ballaí damhsa.

Ba mhaith le Cumann Oige Loch an Iúir fíorbhuiochas a thabhairt do gach duine a chuidigh leo, tré a dtacáiocht a thabhairt an oíche sin agus gach oíche eile roimhe, go hairrid dona lucht leanuna ar fud na Rosann, Gaoth Dobhair agus Cloich Cheannfhaoila. Ta síúil acu nach mbeidh i bhfad go mbeidh siad ábalta cuireadh a chur ortha go léir le theacht agus toradh a saothair a fheiceáil, nuair a bheas an Cuairt uraiocht.

## An Fál Carrach

### CRUINNIÚ TUISMITHEOIRÍ

Bhí cruinniu i halla Naomh Fionáin Dé Domhnaigh, de thuismitheoirí a bhfuil daltaí acu ag freastail ar scoltacha iarbhuioideachais an cheantair. Bhí siad ag toghadh daoine a bheadh foirstineach mar ionadaí ar bhord Óbainistiochta don phobal-scoil. Cuireadh ainmeacha naonair 'un tosaigh agus toghfar beirt astu sin. Beidh an toghachan gan mhoill. I láthair bhí an tUas. Mac Gib, an Príomh Oifigeach, a threoráigh na gnoithí agus a d'freagair ceisteanna fan scoil úr.

### POLASAÍ NUA GAEILGE

Cuireadh failte san Ghaeltacht roimh an polasaí úr maidir gaeilge i gcurasí oideachais. De réir an tsocraithe a rinneadh bheidh aitheantas dha ábhar tiogha don té a fhraigheann onoracha san ábhar seo san Ard Teist. Tá seo ina chuidiu do dhaltaí na Gaeltachta a bhfuil an gaeilge o dhuchais acu.

### DROCH AIMSEAR.

Chuir an droch-aimsear a bhí againn le tasmall isteach go mór ar obair an earraigh. Is beag a bhí feirmeoirí ábalta a dhéanamh le coicís anuas de thairbhe na stoirme.

Tá an bealach mór in aice reilig an Fhalcarraigh le chorú fá láthair. Is mór an gar é seo mar bhí droch-choirnéal annseo agus bhí sé thar a bheith dainseireach do phaistí na scoile atá in aice láimhe.

B.O. Canain.



Siobhán Ní Dhuibhir as Bóthar Ti an Phobail, An Clochan Liath atá ar shiúil go Baile Átha Cliath ag Banaltracht. Bhí sí ar scoil Chuimsithe na Gleannntaí agus bhí sí mar cheannaire ar bhuionn ceoil na bpáistí anuraidh.

## Cuairt Aire na Gaeltachta AR GHAOTH DOBHÁIR

Bhearfaidh Tomás Ó Dónaill, Aire na Gaeltachta cuairt ar Ghaoth Dobhair Deardaoin an 19ú Aibrean. Ina chuid-eachta beidh an tUasal Séamus De Faoite T.D.

Tá fonn ar an Aire bualadh le daoine a bhfuil pleannáin ná tuairim acu fá fharbairt agus dul 'un cinn na Gaeltachta. Chomh maith le sin is mian leis ionaid oibre agus culturtha na Paróiste a fheiceáil.

Beidh an t-Aire agus an t-Uasal De Faoite i láthair ag suipéar i Ostán Radharc na Mara, Oíche Cheadaoine 18ú Aibrean.

Má tá dream ar bith gur miath leo castáil ar an Aire, cuireadh siad sin in iúl do Chathal Ó Ciúin, Bóthar na Trá, Machaire Chlochair, agus beidh seisean ábalta am agus áit a bhéas foirstineach do'n Aire a inse doibh.

## Comhghairdeachas

Déantar comhghairdeachas le Mícheál Mac Fhionnlaoich B.A., A.T.O. T.T.G. as a phost úr mar mhúinteoir i gCeard Scoil na Carraige. Mac é do Mícheál Mac Fhionnlaoich, Machaire Loiscthe, Bunbeag.

Fuair sé a chuid oideachais i Scoil Chonaill, an Bun beag, Ard Scoil Mhuire agus Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhí sé ag teagasc le cupla bliain i Scoil Eanna Baile Átha Cliath.

Déarhair é do Dhonchadh Mac Fhionnlaoich B.A., Scoil Chonaill An Bun beag agus Cathal Mac Fhionnlaoich B.A., Baile Átha Cliath.

## Rann na Feirste

Tá mná na dtithe i Rann na Feirste ag déanamh reidh fá láthair leis an slua loisteoirí atá ag teacht ag an Chasc a choinneal.

Meastar go mbeidh thaireadh dhá chéad ag teacht ar an 21ú Aibrean fá choinne an chúrsa seo a mhaires ag seachtaí.

Sé an tAthair Mac Parthalain, an tAthair Mac Croiligh atá i mbun an chúrsa agus Seosamh Ó Searcaigh agus Pádraig Mac Suibhne ag teagasc.

Beidh leachtaí leis an Ollamh Diarmaid Ó Doibhilin, Coláiste traenála, Béal Feirste, An tOllamh Risteard Ó Gabhann Ollscoil Chúl Raithne agus Peadar Ó Gallchóir B.A. Doire.

Is mór an bholseireacht na cártaí seo do Rann na Feirste agus ullmháíonn sé mná na dtithe fá choinne an scáife mór a bheas ag teacht chun na háite san tSamhraidh.

## Fíorghlan

GLANTÓIRÍ

DÉANAIMID CULTACHA  
SCOILE A GLANADH GO  
SPEISIALTA

ANAGAIRE

# Thiar i nGleann Ceo

AR LEANSTAN

le Tadhg Ó Rabhartaigh

Bhí sé ag smaoineamh ar na cúpla práta tur a d'ith sé féin sular bhuail sé an bóthar.

"Dúirt tú é, 'rún!" arsa Mártán. "Dhuine chléibh, níl a fhios ag an fhear sin cad é a dhéanfaidh sé lena chuid saibhris. Agus gan aige ach aon mhac amháin. Sin an mac ar méanar dó, a Chonchúir. Tá sé sa bhaile anois as ollscoil éigin atá in Albain, agus é ina innealtóir mianachóireachta. É féin a bhí á inse dom. Deir sé liom gur chaith sé tamall maith ag foghlaim sna mianacha ann. Tá sé ag gabháil a stiúradh an mhianaigh seo thusa i ndiaidh na Nollag, deir sé liom."

"Creidim go bhfuil sé ina fhear mhór anois," arsa an seanduine. "Ní cuimhneach liom amharc a fleiceáil air ón lá a cuireadh a mháthair; agus caithfidh sé go bhfuil sin seacht mbliana ó shin."

"Ó, ní raibh ann ach glas-stócach an uair sin. Dá bhfeicfeá anois é! Ach tifidh tú é nuair a rachaidh tú isteach. Níl sé mórán le cúpla bliain is fiche, tá a fhios agat; ach tá sé chomh stuama le duine a bheadh scór eile leis sin. Caitheann sé cuid mhaith ama ag comhrá le sean-Nábla, agus ag scriobh síos amhrán uaithi. Deir sé liom go gcuireann sé na hamhráin chuig páipéar éigin Gaeilge atá acu thusa fá Bhaile Átha Cliath."

"Páipéar Gaeilge!" arsa Conchúr Mór. "Is í seo an chéad uair riagh a chuala mé iomrár ar pháipéar Gaeilge."

"M'anam, maise, go bhfuil a leithéid ann, a ghiolla seo; agus gur chuala mé féin Marcas ag léamh giotaí as do shean-Nábla sa chistin, an oíche fá dheireadh. Deir sé go gcaithfidh sé éirí amach tríd an ghleann, feasta, go bhfaighe sé neart amhrán agus scéalta ó na seandaoine."

"Cé chreidfeadh go dtógfad Mac Alastair a leithéid de mhac!" arsa an seanduine.

"Féadann tú sin a rá!" arsa Mártán. "Is mór amach an difear atá idir an t-athair agus an mac, go dearfa duit. Agus chan ar dhóigh amháin ach oiread, a bhráthair, ach ar fhiche dóigh. Thiocfadh liomsa scéalta a inse duit a chuirfeadh iontas go leor ort—ach seo muid ag an ché, a Chonchúir. Tiocfaidh tú isteach go ndéana tú do ghoradh agus go n-ólaimid bolgam tae. Tá mise ag gabháil isteach chun an oileán ina dhiaidh sin, agus thig leat a bheith amach is isteach liom. Dheamhan go bhfuil eagla orm go mbeidh obair againn ag briseadh an oighir, as seo chun an oileán, ar maidin amárach arís. Ár síath a thug sé dúinn ar maidin inniu, biodh a fhios agat; agus tá cruas ar an dóigh a bhfuil sé ag sioc an tráthnóna seo."

Bhí sé de dheas go maith don chlapsholas nuair a chuir Conchúr Mór agus Mártán i dtír in Inis Colmán. Chuaign siad trasna i mbád bheag iascaireachta; agus bhí bád mór ina ndiaidh, agus an lód a thug Mártán as Baile na Sí mar lasta air. Le cois an tae, b'éigean do Chonchúr steall eile uisce bheatha a ghlacadh ó Mhártán sula ndeachaigh siad ar an loch. Bhí Mártán ina dhuine ghearranmhar an tráthnóna seo.

"Caith siar é, a dhuine!" dúirt sé. "Cuirfidh sé misneach ionat ag gabháil isteach chuig Mac Alastair."

Agus dar le Conchúr bocht go raibh sin uilig de dhíth air, agus é ag éalú leis suas an stuabhealach i measc na gcrann. Ar gach taobh de, bhí lomchraobhacha na gcrann sin ag lúbadh chun talaimh faoi mheáchan an tsneachta a bhí siocra orthu. Thug an stuabhealach isteach i léana mhór é sular mhothaigh sé; agus i lár an léana seo bhí an teach móra ina sheasamh go státúil i gcuma. Chonacthas do Chonchúr go dtug an teach sin amharc eascairdeach air nuair a shiúil sé amach as measc na gcrann. Dar leis go raibh cuma dhoicheallach ar na fuinneoga agus, ag gabháil suas na céimeanna dó chun an phóirse, shamhlaigh sé go dtug an doras amharc ceannasach air. Bhuail sé ar an chomhla go cineál cúthalta, agus lig girseach isteach é, girseach a bhí fá thuairim cùig bliana déag d'aois.

"Ó, 'Chonchúir,' ar sise, "an tú atá ann?"

An forrán seo a chuir an ghirseach ar Chonchúr Mhór, thug sé a chroi dó. Óir ba bheag a bhí sé ag dúil go mbeadh lúcháir ar aon duine roimhe sa teach choimhthioch seo. Rug sé greim teann ar an láimh a shín sí chuige.

"M'anam do Dhia!" ar seiséan. "Neansáibh ag Shéimín Bháin! Lig mé as mo chumhne thú, a rún. Creidim go bhfuil dearmad glan déanta agat d'inn ó tháinig tú go hInis Colmán?"

"Ó, maise, is fada uaim a leithéid a dhéanamh, a Chonchúir," arsa an ghirseach. "Is fada go ndéana mé dearmad de na hoicéanna breátha a chuir muid isteach ag airneán tigh s'agaibhse. An mbíonn tú ag seinm ar an fliúit go fóill?"

"Á, ní bhím. a dheirfiúr . . ."

"Ó, mo dhearmad! Bhain an bás a chuid féin asaibh ó d'fhág mise an baile . . ."

"Bhain, a dheirfiúr; agus is é sin an bás a d'fhág mise anseo anocht. 'Bhfuil an duine uasal é féin fá bhaile?'"

"Tá sé féin agus Marcas go direach ar a ndinnéar sa phroinnseomra," ar sise. "Siúil leat isteach anseo chun an pharlús agus suigh ag an tine. Beidh siad amach chugat roimh i bhfad. Inseoidh mise don mháistir go bhfuil tú anseo."

D'fhág sí Conchúr ina shuí ar chathaoir bhog ag craos de thine ghuail, agus d'imigh sí. Bhí sé ina shuí go neamh-shócúlach ar chorr na cathaoireach, agus a bhairéad ar a ghlúin aige, agus é ag téamh a lámh os cionn na mbladhairí. Bhí dhá mhadadh sínte ar chraiceann caorach os coinne na tine. Bhí siad á choimhéad go hamhrasach, agus dar leis féin gurbh fhearr dó gan mórán bogadáil a dhéanamh. Bhain sé lán na súl as an ghalántas a bhí fá dtaobh de. Pictiúir a raibh frámaí órbhui orthu; priosanna a raibh doirse gloine orthu, agus loinnir ina geuid adhmaid faoin tsolas a bhi crochta as an tsíleáil; táblaí galánta a raibh na cosa orthu ab aistí a chonaic sé ar aon tábla riamh; dealbha beaga ar sheastáin thall is abhus, dealbha beaga fear agus ban, agus gan aon snáithe orthu ach mar rugadh iad; scátháin a bhfeicfeá thí féin iontu ó bhun go barr; brat urláir a rachfá go dtí na múrnáin ann; toilg agus cathaoireacha a bhí chomh bog le tortóig chaonaigh.

Ní raibh deireadh iontais déanta den ghalántas seo ag Conchúr Mór nuair a foscladh an doras agus tháinig ógfear caol ard isteach sa tseomra agus aoibh an gháire air. Bheann-aigh sé go tíriúil do Chonchúr Mhór, agus thug sé cúpla coiscéim éasca chun na tine agus sheasaigh agus a chúl leis an mhatal.

"Ná corraigh as an áit a bhfuil tú," ar seisean, nuair a chonaic sé Conchúr ag tabhairt iarraighe ar éirí. "Tá m'athair ag caint le Mártán fán chistin, ach beidh sé isteach chugat i nójmead beag. Tá dúil agam nár bhaian na madaidh leat."

Lean sé leis ag caint ar an dóigh seo, mar bheadh duine ann a bheadh ag déanamh a chomhrá le Conchúr gach aon lá sa bláthain. Thug an seanduine toil dó, láithreach, agus d'imigh an cotadh de. Dar leis féin: "Is méanar do na daoine nuair a bheas an fear óg seo ina thiarna talaimh acu. Dar fia! bhí an fhírinne ag Mártán sa mhéid a dúirt sé fá dtaobh de." Ba dhoiligh leis seo a chreidbheáil, murab é go bhfaca sé féin é lena shúile cinn. Mac do Mhac Alastair ag cur a leithéid de shuim i dtionóna bhochta bhí ar deireadh leis an chíos! Ógánach léannta a raibh céimneacha aige as ollscoileanna in Eirinn agus in Albain, ina sheasamh ansin agus a chúl leis an tine aige, ag déanamh a chomhrá go nádúrtha le mianachóir bocht as cábán sléibhe!

Foscladh an doras go cúramach agus tháinig fear tanaí liath isteach. Bhí glaschulaith bháinín air agus péire slipéar. Dhearc sé go géar ar Chonchúr Mhór, tríd spéaclaí a raibh imill óir orthu. Bhí sé gnóthach i gceart ar an bhomaite seo, ag piocadh idir a chuid fiacla le cipín eabhra a bhí aige. Bhí sé chomh gnóthach sin agus nár bheannaigh sé do Chonchúr Mhór. Tháinig sé trasna an urláir go fadálach, agus lig sé é féin síos ar tholg os coinne na tine. Bhí Conchúr Mór ina sheasamh agus a bhairéad i gcúl a dhoirn aige ó chonaic sé é ag cur a chinn isteach ar an doras.

Ba é an fear óg an chéad duine a labhair.

"A athair," ar seisean, "seo duine de do chuid tionónaí, amach anuas as lár an ghleanna, deir sé liom."

"Tusa Conchúr Mac Giolla Dé, sílim," arsa Mac Alastair, agus chuir sé cár beag air féin nár bhfurasta léamh air. Óir ní bheadh a fhios agat cé acu bhíodh Mac Alastair ag gáirí fút nó ag gáirí leat.

"Is mé, a dhuine uasail," arsa an seanduine, "agus tháinig . . ."

Thóg Mac Alastair lámh thanaí lena chur ina thost. Bhí pioc feola in áit éigin idir a fiacla go fóill, ba chosúil, nó b'éigean dó tosú a phiocadh arís. Bhog an lámh thanaí arís, ag tabhairt comhartha do Chonchúr bhochta suí síos an iarraighe seo. Rinne sé sin mar hordaíodh dó.

"Tá tú cùig phunt ar deireadh leis an chíos, sílim."

"Tá," arsa an seanduine; "ach dá . . ."

Chuir an lámh cosc leis arís. Bhrúigh Mac Alastair na gloiní a bhí air suas gur fhág sé ar chlár a éadaín iad, agus chuimil sé a shúile le ciarsú. Bhain sé na gloiní de chlár a éadaín ansin, agus thug sé glanadh maith dóibh ar a shuaimhneas

Tuilleadh i gceann coicise

## Loch an lúir

Tá cuid mhór tithe úra a dtóigail sa cheantar agus tá suas le dhá theach dhéag tógha le bliain.

Thóig Seosamh Mac Grianna teach conaíúr agus tá sé fhéin agus a bhean céile Treasa ina gconaí ann. Bhí gconaí orthu i dtiobraid Araiann le seal bliana anuas. Cuireann mintir na háite fáilte mór rompu.

Tá Pádraig Mac Ruaraí ag tógáil sealáil in aice a theach cónaí, beidh an obair críochnaithe roimhe cupla mí.

Fuair Teiliimin Ní Dholain atá ina muinteoir sa Cheard Scoil iasach carabán ó Aodh Ó Dubhthaigh, as Contae an Chhabháin í, agus tá dúil mhór aice i Loch an lúir.

Bhí damhsa ag aos óg Loch an lúir ins ar Ray River Inn de hInn seo caite le airgid a chuir ar fáil don Cúirt Úr Liathróid Láimhe. Maidir leis an Chúirt fhéin dó, tá tósaigh ar an obair, ach obair fhadálach é, agus is doiche go mbéidh sé déanta go luath ar an bláthain seo chugainn.

Tá bród mór ar an Chumann Forbartha as an obair shlachmhar, ghasta atá déanta acu cóis na locha. Béidh an foscladh ann am éigin sa tSamhradh. Chuir Fionntán Mac Aoidh Bhui a bháid seoil ar an loch le goirid, bhí an radharc go álann, agus an ghráin ag taitneamh air, a stiúriú trasna na locha. Tá bád mór úr ag Dónaill Ó Baoill agus tá mintir na háite ag fanacht go cruidh le i ghabhail ar an loch, is brea an radharc a dhéanadh sí.

Bhí mintir na háite iontach brónach nuair a chuala siad fán Athair Eoghan Ó Frighill a bheith ag fágáil na paróiste.

L.M.G.

## SAN OSPIDÉAL

Tá súl ag a chairde go leir i gCionn Caslach agus Loch an lúir nach mbeidh i bhfad go mbeidh Dónal Mac Gairbheith ar ais as an Ospidéal ina bhfuil sé i Sráid Jervis, Baile Átha Cliath le coicís.

Dé réir tuairisc ón Ospidéal tá sé ag teacht ar aghaidh go maith.

Má tá . . .  
SCÉALTAÍ GRINN agat, cuir chugainn iad. Bronnfar 50p ar an scéal is fearr ar gach eagrán de "Ghaeltacht."

## RÁTAÍ "GAELTACHT"

fríd an phost

Ainm . . . . .

Seoladh . . . . .

f . . . . .

6 mhí £1.10p

1 bl. £2.20

Rátaí speisialta do ordú mór

## "GAELTACHT"

Clo' Na Rosann,  
Gaoth Dobhair,  
Leitir Ceannainn,  
Tír Chonaill.

Tá an leabhar le fáil ó Fhoilseacháin an Rialais, An Stuara, Ard Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath. Luach 65p fríd an phost.

# Do'n Aois Óg . . .

## Cailín crúite na mbó

Bhí cailín ann uair amháin agus bhí sí ag obair ag feirmeoir agus ba é an obair a bhiodh aici le déanamh na ba a bhí agus amharc i ndiaidh an bhainne. Lá amhain rinne sí a cuid oibre chomh maith sin go raibh an feirmeoir iontach sásta leí. Bhí sé chomh sásta sin go dtug se stópa bainne dithe fána coinne fein.

D' imigh an cailín leí síos an bealach mór agus stópa an bhainne ar a ceann léi. Bhí sí ar shiúl 'un an bhaile mhóir leis an bhainne a dhíol. "Gheobhaidh mé scilling ar stópa an bhainne seo," ar sise léi féin. "Ceannochaídh mé duisín uibheach ar an scilling. Bhéarfaidh an feirmeoir cearc ghuir ar iasacht domh; agus leagfaidh mé éilín; agus nuair a thiocfas an tam, beidh dhá cheann déag de éanacha beaga deasa agam. "Éirochaidh na héanacha mór agus díolfaidh mé iad agus gheobhaidh mé cuid mhór airgid ortha. Ceannochaídh mé culaithe dheas ar an airgid, agus hata a mbeidh ribní glasa air.

"Nach mé a bheas go deas agus go hálainn lá an aonaigh! Beidh na buachaillí agus na caillíni go léir ag iarraidh a theacht liom, ach is beag aird a bheas agam ortha.

"Beidh Séamus ag brú comhraidh orm agus beidh sé ag iarraidh orm theacht a rinnce leis, ach ní dhéanfaidh mé a dhath ach mo cheann a chrothadh san aer agus - - - -"

Bhain sí crothadh as a ceann lena thaisbeaint caidé dhéanfadh sí agus thír an stópa bainne ar an bhealach mhór.

Ba é sin deireadh an aisling! D' imigh an chulaith álann agus an hata agus na ribní glasa! dimigh an tiomlán! An cailín bocht. D' imigh an aisling deas agus na caisleáin áilne a bhí sí a chumadh ina croí. D' imigh siad uilig leis an chrothadh uafásach sin a bain sí as a ceann.



Pilib agus Dónall Ó Gallchoír as Glascú le Máire agus Róisín Nic Ruairí as Rann na Feirste.



Na siogaí ins an Gheamarach "Níon Rí Ailigh" le Banríon na Síoga.



Michèle agus Máire Ní Chaiside as an Ómaigh, Co. Thír Eoghain a d'fóghlam a gcuid Gaeilge ona máthair mór Gráinne Nic Giolla Arraith as Rann na Feirste.



Micheál agus Seosamh Ó Searcaigh as Anagaire, páistí Bhríd agus Séamus Ó Searcaigh.



Éoin, Pádraig, Doríndach agus Máire, lena máthair Máire Bean Úí Gharbheith as Loch an Iúir.



Oilbhe Ni Bhraonain, níon Leo, atá ar scoil Dhobhair. Tá sí i mbuíon ceoil Dhobhair agus an suim aici i gceoil. Tá sí ag ullmhadh gach oíche leis na baill eile de'n bhuíonn ceoil i gcomhair Domhnach Casca



Tá mé fhéin agus mo mhadadh ar shiúl ar laethé saoire na Cásca ach be muid ar ais fa' choinne an chéad eagrán eile. Tá súl againn go mbainfidh sibh uilig spéis as bhfur laethé saoire fhéin.

*Eoinín*



Dia dibh, a phaisti,


Seo bhur gcara Andaí ar ais agus léar scéaltaí agus rudaí suimiula dibh. Molaim go mór na páistí uilig a scriobh chugainn go dtí seo ach caidé fa' na páistí nár scriobh chugainn go fóill? Ba mhaith liom cluinstin uatha sin.

Ar tharla rud ar bith iontach nó an bhfuil scéal grinn agat? nó an bhfuil tú maith ag cumadh filíochta? Scriobh chugainn. Beidh lúchair orm cluinstin uait agus ná déan dearmad, más maith leat do phictiúir a fheicéail ar "Gaeltacht" cuir chugainn grianghráf diot fein agus do pheata agus beidh lúchair orm é a foilsiu.

Slán go fóill,  
ó bhur gcara . . .

*Andai.*

# ÉIN na hÉIREANN



## AN FHEANNÓG

Ball eile de chlann an phreacháin atá san éan seo. Tá dath dubh air cé go bhfuil a dhroim agus a bholg liath. Tuairim ar ocht nórlaigh déag go leith a thomhas ó bhun a rubaill go barr a ghoib.

Cuireann sé faoi ar an chnoc agus ar an chaorán. San earrach cleachtann sé an tseilg níos diograsaí ná i rith aon tseasúir eile. Bionn a aird diríthe san fliach do ar uibheacha a bheadh fágtha gan gharda ag an chearc fraoigh. Eiríonn de ghnáth leis an choileach agus an chearc fraoigh le chéile é a ruageadh más ann dóibh.





Tá sé amuigh air go dtig leis éin chomh mór leis an phatraisc nó leis an tsacan a mharú.

Deirfidh an tréadáil go mbíonn tóir aige ar na huain óga. Is dóigh nach bhfuil sin amhlaidh cé nach mbeadh leisce air iad a itheadh da mbeadh siad marbh roimhe. Tcifidh tú an fheannóg ag itheadh coinín marbh ar taobh an bhealaigh. Ní fhaca mé in amar bith ag baint do chat marbh.

Níltear ar aon fhocal faoin éan a thuirlng ar ghalann Chu Chulainn, deir daoine airithe gurbh é an fiach dubh a bhí ann, daoine eile gur bhé an fheannóg a bhí ann.

M.O.M.

# GREANN



# Níon Rí Ailigh

Oíche Cheadaoine a 28ú Mártá thart chuaigh mé go hAmharclann Ghaoth Dobhair leis an gheamaireacht "Níon Rí Ailigh a fheiceáil. Bé an oíche dhéirnach dó agus ní raibh ann no go bhfuair mé isteach an doras leis na sluaite a bhí a phacáil i bhfad sul ar thosaigh sé. Bhí siad na suí achan áit agus gan orlach de'n urlar gán bheith in úsáid.

Bhí an tadh orm, fuair mé isteach, béigin dóibh na céadtaí a dhúiltú de thairbhe nach raibh spás fá na gcoinne

Geamaireacht trí páirt a bhí ann agus d'fiscal an chúirtín ar Chaislean Aileach agus scaifte oibreannaí a choiríú fá choinne teacht an Rí.

Níl mé gabhail a inse an chuid eile den scéal mar geobhaidh muid uilig seans eile gan mhoill é a fheiceáil arís ar an 24, 25, agus 27ú Aibreán agus níor mhaith liom an scéal a mhilleadh ortha sin nach raibh comh ádarach linn féin!

Bhí Sean Ó Gallchoir go rí-mhaith mar bhí ariamh, ins an pháirt "Rí Ailigh," is fada an lá ó chonaic mé é don chéad uair ins an dráma "Neart na Córá!" Tháinig sin i mo chui mhne agus mé a choimhead ar an ardán.



Is dóiche nach raibh cuid mhór dena hAisteoirí eile ins an gheamaireacht ar an tsaoil nuair a bhí Seán ins an dráma sin. Ach chruthaigh siad go bhfuil an aos óg i nGaoth Dobhair ag coinneal suás an tradisiún a thosaigh i nGaoth Dobhair in 1932.

Tá'n spiorad ansin, agus ce go raibh cupla duine de na haisteoirí ar an ardán don chéad uair tá mé cinte go bfeicidh muid tuilleadh dóibh san am atá le theacht.

Is deacaír duine ar bith a phioc-eadh amach le moladh, bhí siad uilig chomh maith sin ach caithfidh mé tagairt ar Nial Ó Maolagáin agus Prionnsias Ó Duibhir. Féadann muid a bheith cinnte go gcoinneachaidh siad muid ag gáire.

Bhí Ava Nic Griana iontach maith mar Níon an Rí, cé nach bhfuil sí ach seacht mbliana déag rinne sí a páirt mar aisteoir seanaimsearach.

Sé Tomás Mac Giolla Bhríde a scríobh "Níon Rí Ailigh" agus a bhí i mbun an léirithe. Prionnsias Ó Maonaigh, Eibhlín Bean Úi Arnold agus Máire Bean Nic Giolla Bhríde a bhí i mbun an cheoil.



## GEAMAIREACHT "Níon Rí Ailigh"

IN AMHARCLANN GHAOTH DOBHÁIR

Ar an 24, 25, agus 27ú, Aibreán.

Greann, scléip agus ceol.  
ag, 8.30 p.m.

Isteach 30p



## postanna

CAILÍN de dhith. Clóscríobh riachtanach, Post suimiúl. Iarr Bocsa 130.

## cead pleánála

Tá ceadpleanala a lorg agam ar Údaras Phleanála Chondae Dhun na nGall chun sealá a thógáill mo chuid talmh ag Loch an Iúir.

Grainne Nic Suibhne.

Tá iarratas a lorg agam ar Údaras Phleanála Chondae Dhun na nGall chun cead a fháil teach cóiné a thógal ar mo chuid talaimh ag Anagaire.

Aodh Mac Cnámhí.

Tá sé de run agam iarratas a dhéanamh ar Údaras Pleanála Chondae Dhún na nGall, chun teach cóiné a thogáill mo chuid talmh ar an Bhun Bhig.

Seosamh Ó Baoill.

Tá iarratas a dhéanamh againn ar Údaras Pleanála Chondae Dhún na nGall chun ionad Caitheamh Aimsire a thogáill i Loch an Iúir.

Cumann Óige Loch an Iúir.

## go pearsanta

IARSCOLÁIRI Sheain Mhic Fhionlaigh. Tá damhsa agus dinéar ina onair in Ostán Gleannbe De Máirt, 24ú lá Aibrean.

Ná déan dearmad do thicéid a fháil go luath.

NA CAILL AMACH: Go go luath chuig an Gheamarach, "Níon Rí Ailigh" i nAmharclann Gaoth Dobhair ar an 24, 25, 27u, lá Aibrean. Tá sé maith.

OÍCHE MHÓR achan oíche rith na Casca tí Leo i Min 'a Leice.

Shh....cogar! Tá páint speisialta i gcomhair bádáí iascaireacht ti Laod-aigh ar an Chlochán Liath.

CEANNAIGH "Gaeltacht" gach coicís an páipéar a leigheann muintir na Gaeltachta.

## ag teastáil

AG TEASTAIL: Sealáí no teach ar an Bhun Bhig nó Doirí Beaga, dara coicís i mí Iúil. Gach eolais ag:

Bocsa 120.

AG TEASTAIL: Bad ramha a bhfuil baill maith air. Gach eolais agus luach chuig:

Bocsa 121.

AG TEASTAIL: Sean leabhair Gaeilge, go hairid, rudaí a bhaineas le Thír Chonaill. Cuir gach eolais agus luach ag Bocsa 104.

Luach maith ar na rudaí cearta.

AG TEASTAIL: GO GASTA: Inneal i gcomhair stroighin a mheascadh. Caithfidh se bheith reasúnta agus ag gabhail go maith.

Scriobh chuig Bocsa 106. ag rá cé'n áit a dtig é a fheicéal agus an luach.

LE DÍOL: Stampai an domhain. A lán stampaí le díol de chóir a bheith gach thír. Iarr Bocsa 107.

COIMHEAD GAELTACHT gach coicís agus b'fhéidir go bhfeiceá an rud a bheadh ag fóirstin duit nó cuir fógra ins an cholún seo.

## le díol

LE DÍOL: Consul 315. (1964). Consul 375. (1963). Fóirsteanach i gcomhair páirteannaí. Iontach saor. Scriobh chuig Bocsa 101.

LE DÍOL: Simca. (1963) fostá cuid mhór páirteannaí do ghluaisteán eagsúla. Gach eolais o Bocsa 102.

TRÍ MORRIS 1100 le díol iontach saor. Fosta páirteannaí fá choinne gach cinéal gluaiseán. Guthán: An Bun Beag 82.

Choinigh muid an spás seo fá choinne do fhogra-sa (2½p an focal).

Guthán 42

## Óstán Gleannbe

Togha gach bí agus rogha gach di anseo i gcoiné.

Ceol agus damhsa gach deire seachtaire

## Doirí Beaga

## P. Ó Baoill

Búistéir

Fá choinne an chuid is fearr den fheoil

## An Chlochán Liath

Guthán 51.



## Bocsa na Litreach

A Chara.

An dtiocfadh lion spás a fháil ar do pháipéar "Gaeltacht"; le cupla focal a rá fa scoil Rann na Feirste agus Radio na Gaeltachta.

Ar tú, tá tuismeoirí Rann na Feirste sásta leis an scoil ó ath-fhoscladh í agus sílim fhéin go bhfuil muid ag dul ar aghaidh go maith ó shin. Tá 70 páistí ar an rolla agus chaith na maistéarí cuid mhaith dá gcuid ama fhéin le buion ceoil a chuir ar bun. Lena chois sin, cuireann siad suim mhór i ngach rud a bhaineas leis an cheanatar. Sin na tuismeoirí agus an scoil.

I dtaca le Radio na Gaeltachta do, bhi mé ag éisteacht le caint fá scoil Dhún Caoin tarraingadh isteach ceist fá scoil Rann na Feirste. Ní bheadh dochar ansin ach creidim nach craoileadh maith é, duine a rá go bhfuil Raifle ag dul thart go rabh tuille tuismeoirí i Rann na Feirste ag smaoineadh ar a gcuid páistí a chur chuig scoil eile taobh amuigh de cheanatar Rann na Feirste. Más rud é go bhfuil craolachán ag dul do réir raflaí, thig linn uilig cuidiú leis, dá mbeadh suim againn ann, ach caithfidh muid smaoineadh ar an dochar dhéanann na raflaí seo do na maistearí na scoláirí agus an cheanatar.

Cuir i gcas go raibh sé fíor, go raibh smaoineadh ag duine de na tuismeoirí, a chuid páistí a chur chuig scoil éigin eile. Sin a ghnoithe fhéin agus níl sé ceart uasaid a bhaint as ar an Radio. An dochar a tcím le seo, nach bhfuil fhiú ag na daoine ag éisteacht le seo cé acu, sceal atá ag déanamh maith, nó ag déanamh dochar.

Bhi lúchair orm nuair a foscladh Radió do mhuintir na Gaeltachta agus creidim go dtiocfadh leis a bheith ina chuideadh mhór dúinn uilig. Tá sé in am duinn deireadh a chur leis an chaint a dhéanann dochar don Ghaeltacht agus a bheith ag dul le níos mó nuacht a chluinstéann fá scoil-teacha eile a athfoscadh.

Ba mhaith liom fhéin comhghairdeachas a dhéanamh le muintir Dhún Chaoin agus Baile Mhunna.

Ar aghaidh leis na rudaí a chuid-eachas leis an Ghaeltacht.

An deireadh leis an dochar.

Breandán Ó Raghnalláigh  
Rann na Feirste.

A Chara,

Mar dhuine de phobal Anagaire ba mhaith liom a rá go raibh mé ar buille mar bhi cuid mhór daoine eile ins an Phairóiste, nuair a chonaic mé litir "Mass in Annagry" ar an Sunday Press". Dé Domhnaigh 1ú Aibrean o "Visitor from Belfast" ag gearrán go raibh an tAifreann i mBéal La Féile Pádraig.

Ba mhaith liom tabhairt le fios do'n duine seo gur cheart dó fírinne na císte a fháil sul a dteann sé ag scriobh litir a thabharas droch chlúdúinn annseo in Anagaire.

Tá mé fhéin cinnte nach raibh an duine sin i lathair ins an tSeipeal mar da mbeadh agus é chomh briste fa Aifreann i mBéal La Féile Pádraig a cloisint chuirfeadh sé ceist cad chuighe? Mar bhi sé i láthair níl de fhreagra agam no gur chur sé ceist ar na daoine contrailte, cad chuige?

Sé fírinne na ceiste, nach bhfuil in Anagaire ach Sagart amhain le obair na Paróiste uilig a dhéanamh (Tá sagart na Paróiste tinn). Án lá sin tháinig an sagart seo go dtí an Paróiste mar Riartóir do'n chéad uair agus na hinnseadh duine ar bith duinn nach bhfuil Gaeilge aige (Cainteoir duchais as Ceantair Chloich Cheannfhaola. Ag an dara Aifreann Leigh Sagart a bhí ar laetha saoire as Albain (nach bhfuil Gaeilge ar bith aige) an tAifreann i mBéal La Féile Pádraig, agus gur thuig Sé an Béal fosta). Is fiú cuimhniú go raibh muid uilig ag éisteacht an Aifreann i Láidín go dtí tá goirid ó shin agus ní raibh duine ar bith ag gearran, (in Anagaire ar chor ar bith) nach raibh sé i nGaeilge.

Be mé iontach buioch don "Visitor seo má dhéan sé cinnte fasta agus fail amach "Cad chuige" sul a ritheann sé le litir (i mBéal La Féile Pádraig). Is fiú cuimhniú go raibh muid uilig ag éisteacht an Aifreann i Láidín go dtí tá goirid ó shin agus ní raibh duine ar bith ag gearran, (in Anagaire ar chor ar bith) nach raibh sé i nGaeilge.

Peacach as Anagaire.

## buion ceoil Medicine Bow



**P. Ó Baoill**  
Búistéir

Fá choinne an chuid is fearr den fheoil

**An Chlochán Liath**

Guthán 51.

# GAOTH DOBHAIR

Bhí brón mór ar fud na Paróiste nuair a tháinig sceal fá bhás Bríd Bean Uí Bhraonain thall i nGreenoch, i nAlbán.

54 bliain d'aois a bhí sí. Banaltra a bhí inti. I ina conaí thall o posadh í. Iníon í do Jack O Curran agus a bhean Máiread as Machaire Gathlan, (nach maireann)

Bhí sí ina snaimhteoir mhaith, ach ba mhó an chlú a bhí uirthí mar cheoltóir traidisiunta, mar ba de teaghlaigh ceolmháir í.

Tugadh a corp a bhaile go Gaith Dobhair Dia Luain, agus bhí an torramh go reiligi Mhachaire Gathlan i ndiaidh an Aifirinn Dia Máirt.

Gnímid comhbhrón lena fear céile, lena cuid dearthar Féilimí, Pádraig, Donnchadh, Féilimí Beag, na cuid deirfiur Eibhlín, Máire, Grainne, lena cuid nia, agus neacht agus móran gaoilpósta.

Cuireadh Aodh Ó Rabhartaigh as an Fhál Carrach seachtain o shin, i ndiaidh tréimhse fada tinnis. Ní raibh sé ach coicís roimhe sin o cuireadh a dhearthair Pádraig a bhí posta ar bhean as an Luinnigh.

Guímid comhbhrón le deirfuireacha Aodh agus lena ghaolta.

Tá Aodh Ó Gallchóir as Glascú, a bean chéile Nuala agus a iníon Nuala ag caitheamh saoire ag Seamus ó hEarcan ar an tSlaochan.

Cúis brón i nGaith Dobhair agus i Rann na Feirste, bas Máire Nic Giolla Easbuic thall ag Queens i Mericea.

Bhí sí ag siúl ar an tsráid agus mhairbh gluaistean í.

Bhí sí pósta ar fhearr de thógait Mhericea agus triúr clainne aici, an duine is óige acu trí bliana d'aois.

Iníon í do Eamonn Hudaí Neddy as Rann na Feirste agus Róise Charlie Jack as an Charraic. Tógaigh Máire i nGlascú leis an chuid eile de'n teaghlaich, agus bhí Gaeilg aici. Bhí sí ag obair i Mericea súl ar posadh í.

Guímid comhbhrón lena hAthair atá ina lúi tinn é fein, agus lena máthair agus an chuid eile den teaghlaich.

Tá duine eile de shean daoine na h-áite ar shluua na marbh, sin i Máiread Bean Uí Ghallchóir as Mín Doire Dhaimh.

## Faile Abhaile

Deantar comhghairdeachas le Sean O Dubhaigh as an Mhin Mhor ata i ndiaidh post a ghilcadh mar Bhainisteoir air Oifig Arachais Sayers ar an Chlochan Liath.

I ndiaidh Ard-Scoil an Chlochan Leith, ina bhfuair se a bhunoideachas chuaigh se go Londain ait a chaith se deich mbliana ag obair le Loyds ansin.

Ta de posta le teaghleach agus ni bheidh i bhfad go mbeidh se ag togail teach ur do fhein ar an Min Mhor.

Ta sul againn uilig go mbeidh gach adh air san am ata le theacht agus cuireann muid failte abhaile.

Níl fagtha anois ach a h-míon Máire. Is fada a cuireadh a fear céile Micheál. Bhíodh seisean ag obair sa Chuirt, sin an t-ostan a bhi ag muintir Hill i nGaith Dobhair.

Bhí Mai read 84 bliain d'aois. Ba de chloinn Mic Giolla Bhríde as Carrac a' tSeasgain i féin. Chonaic sí cuid mhór athruithe ina saol. D'imir an chuirt, sin teach osta Hill, d'imir an bothar iarainn; tógadh staisiún Udro-Leictreais agus cuireadh coillidh crann i Mín na Cuinge.

Cuireadh Máighread i Machaire Gathlan i ndiaidh Aifirinn i Seipeal Mhuire, Doire Beaga. Bhí torramh móri, agus an Sagart O Gallchóir agus cléir na Paróiste i láthair.

Tá an tSiur Cáitlín Nic Giolla Chóil as an Ghlaibh ag obair go dicheallach ins na Filipíní. Is de ord Naomh Columban i Machaire Mór Condæ Chille Mannain í. Bhí sí ina muinteoir bunscoile roimh dul sa chlochar dí.

Chaith sí bliain i Chicago Mhericea ar chursa speisialta Teagaisc Criostáil agus obair shoisialta agus tá sí ag cur an teagasc sin i bfeidhm ina scoil sna Filipíní anois.

Thug sí cuairt ar Éirinn agus ar a gaoltai i Mín an Iolair agus ar an Charrac cupla bliain o shin.

Bhí luchair ar a cairde go dtainig sí slán as na tuilte móra a bhí i Manila i Mi lúil seo a chuaigh thart.

Chaith Éibhlín bean Uí Dhonnca agus a mac Cathal, as Gaillimh, cupla lá saoire anseo ag túis na míosa.

As an tSeasgan Bheag Eibhlín o dhuchas ach tá sí ina conaí i nGáillimh on uair a ghlac a fear céile, Seamus (nach maireann) a phost mar phriomh oifigeach talmhaochta ansin, blianta fada o shin. Thaitin an gheamaireach go móri le Eibhlín.

Thug Sorcha Bean Uí Earlaigh as an Astrail cuairt ar a baile i Machaire Loisce. Iníon í le Timlín O Dochartaigh (nach maireann), agus do Chait Máire. Is as na Rosann a fear céile agus tá siad san Astrail le fada. Seo an triú cuairt aici ar an bhaile.

Tá clann Shorcha fasta suas agus tá cuid acu pósta thall san Astrail.

Tá lion móri ur cearc curtha isteach ag Maire Bean Uí Earlaí i Leitir Ceanainn. Díolann Máire uibheacha le aonaid siciní i ngach cearn d'Éirinn agus buadhann sí móran duaiseanna ag taisbeatais talmhaochta fríd Éirinn.

As ceantar Leitir Ceanainn Máire. Is fearr an aithne atá againn ar a fear céile, Pádraig, mac Johnny Shéimhidh as Anagaire.

Gnímid comhghairdeachas le Pádraig O Gallchóir agus a bhean Sorcha as Srath Caonach, ar bhronn Dia iníon eile ortha. Tá triúr mac agus iníon acu cheanna. Tá aithne mhaith ar Pádraig i Monarca Europlast. Is minic a chluinimid Sorcha ag ceol amhrain thraigisiunta.

## Craoibh Uladh Bainte ag

## Coláiste an Fhál Carraigh

COLAISTE NA CROISE NAOFA . . . 0-13

AN SCOIL CHUIMSI THEACH . . . 1-4

Bíonn ocaidí ann nuair nach bhfuil maith i bhfocail, nuair nach feidir leo a motháonn an croi, a bhfeiceann an tsuil a noctu. B'sheo ceann acu. Thug Micheál Mac Giolla Chearra, stocach naoi mbliana deag as Cill Charthaigh taispeantas péile uaidh i mBéal Áth Seanaigh Dé Sathairn nach bhfuil inse béal air.

Thig linn a rá go bhfaca muid é ag leimní is ag breith ar liathróidí arda, go bhfaca muid é ag iompar na liathróide go cumhachtach cumasach o cheann go ceann na páirce, go bhfaca muid é ag gnothu bairí aille, go bhfaca muid é ag gearradh tríd na n-imreoirí eile mar rachadh scian tríd im. Thig linn sin uilig a rá agus tuilleadh ach ní chuireann sé in iúl go hiomlán an phléisiur a thug sé duinn.

Ghnothaigh Colaiste na Croise Naofa craobh Uladh don chead uair nuair a bhual siad scoil na Muinchille 0-13 go dti 1-4: i mBéal Áth Seanaigh. Thug siad Corn an Chairdineil Daltun (do fhoirne sinsir) a bhaile leo go luchaireach oiche Shathairn.

Bhí gaoth bhog i mBéal Áth Seanaigh. D'imir Colaiste na Croise Naofa lei sa chead leath. Chuaigh siad ar an ionsaí laithreach agus b'iad a fuair an chead scór indhiaidh cuig bhomaite. Chuir O Searcaigh an liathróid chuig Mac Meanman, chuir seisean chuig O Dufaigh é agus fuair seisean pointe. Bhí Ó Muirí ag dul tríd indhiaidh seacht mbomaite. Leagadh é agus fuair O Searcaigh pointe on saorach. Trí bhomaite ina dhiaidh sin thug O Maolagain pas galanta do O Searcaigh agus fuair seisean a phointe. Bhí Mac Giolla Chearra ag strocadh chun tosaigh sa seu bomaite deag. Leagal h é agus fuair an Searcach pointe eile.

Fuair Ó Loingsigh pointe don Muinchille i ndiaidh seacht mbomaite déag agus bhí an imirt acu ar feadh cuig bhomaite.

Ansin fuair Ó Muirí scoith pointe o dhaichead slat dona Conallagh.

Bomaite ina dhiaidh sin fuair Mac Giolla Chearra an liathróid i láir na páirce, d'iompair sé i agus fuair pointe ó 30 slat.

Fuair Scorr pointe don Muinchille roimh leathama.

Ní raibh eatharthú ach ceithre Phointe (0-6 go dti 0-2) ag leath-ama agus leoga bhí eagla go leor ar an

Fhál Carrach agus acu le h-imirt in eadán na gaoithe. Trí bhomaite a bhí imrithe nuair a fuair Mac Giolla Chearra an liathróid, rith lei thug

don Searcach i, pointe. Rinne cul-

baire an Fhál Carraigh, Mac an tSaoir,

eacht nuair a thiontaigh sé cic an-

dhaeinsearach thar an dtrasnan.

D'fhobair do Cholaiste na Croise

Naofa nuair a cuireadh "cúl" cearnogach a fuair na Cabhanaigh ar ceal. On chic amach fuair pointe o chaoga slat. Bhí ceathrú uaire den dara leath imrithe nuair a rinneadh calaois ar Mac Giolla Chearra.

Fuair Ó Searcaigh an pointe mar is gnath. Dha bhomaite ina dhiaidh sin fuair Mac Giolla Chearra sar-phointe -- bheir sé ar an liathróid caoga sláthona chúl féin, d'iompair i tríd na Clabhanaigh agus thug speech ghleuite dí o leithchéad slat. Thug Muinchille ruathar sias an phairc agus fuair O Cearnaigh cúl. Bhí dha bhomaite déag fagħha agus ceithre phointe eatarthú.

D'fhéad O Dufaigh deireadh a chur leis an inní. Fuair sé pás o Ó Searcaigh, ní raibh idir é fein agus an cúl ach an culbair. Rinne sé brachan de. Ní

raibh le dhul ach 5 bhomaite nuair a rinne Mac Giolla Chearra rith aonair eile, thug do O Muirí i --- pointe. Trí

bhomaite a bhí fagħha nuair a fuair Mac Giolla Chearra pointe o shaorach.

Buailleadh amach é, fuair sé greim air arís agus chaith thairis é. Fuair na Cabhanaigh an pointe deireannach.

Cluiche maith spórtuil a bhí ann. Scoith réiteora ab ea Andy Barrett.

Rinne na Cabhanaigh a ndicéall gur séideadh an fhideo dheireannach.

Diomaoite de Mícheál Mac Giolla Chearra b' iad Eoghan Ó Searcaigh agus Seán Ó Muirí ab fhéarr a d'imir do Cholaiste na Croise Naofa. Bhí

Mac A' tAoair, O Cailín agus Ó Daimhin maith i gceart festa ach ní

raibh caill ar aondúine acu.

Impráidh an foireann uilig agus an tAthair Mícheál Mac Suibhne, a

d'amharc ina ndiaidh, on pháirc. Bhí

suas le céad scoláire ansin ag tabh-

air tacaiochta don foireann.

Scaibidh siad go gach cearn den domhan agus ma bhíonn fonn cumha-

no uaignis orthu tig leo i gconar a rá,

'Is cuimhin liom-an lá a chonaic mě

Mícheál Mac Giolla Chearra ar leana

Bhéal Áth Seanaigh...'

An foireann: B. Mac a' tSaoir; G. O.

Baoill, D. O. Daimhin, C. O. Canainn;

R. Breathnach, D.O. Cailin, E. Mac

Suibhne; M. Mac Giolla Chearra, S. O.

Muir; E. Mac Meanman, E. O. Searcaigh

P. O. Maolagain; S. O. Dufaigh.

Fir ionaid: A. O. Duill, S. Mac Gabhan,

S. O. Donaill, P. O. Baoill, D. O.

Muir.

## Ostán Radharc an Earagail

Ceol agus damhsa i rith na Caisce

## Doiri Beaga

## Teach Thomáis

Eadaí do'n teaghlaich; Obair Lámhcheird

## Baile Lár

## Doiri Beaga

# Cúrsaí Spóirt



CUMANN SOCAR GHAOTH DOBHÁIR

Damhsa agus Suipéar

Oíche Mháirt an 24ú Aibrean

in

Radharc na Mara

Taille 65p.

Ceol: na BEARCATS

## Meabhrú ar Chaitheamh Aimsire sa Ghaeltacht

le Liam Mac Gaothán

Agus mé i mo shuí ag meabhrú ar chumadh alt spóirt don t-seachtain seo, tháinig an smaoineadh i m' intinne go mbéinn abalta, b'fhéidir, píosa a scríobh, fá'n tabhacht atá ann, go mbeadh áit cruinniú ag achan phobal dofa fhéin, sin macasamhail Cúirt Liathróid Laimhe druite isteach, no ionad caitheamh aimsire. Tá mé ag caintanois go speisialta fa na ceantracha Gaeltachta. Mar is eol diobh is ea ceantracha scaite an chuid is mo acu seo, agus bheadh sé ina dhóigh mhaith leis na daoine a chruinniú le chéile lena gcuideal sceilteáthais agus brón a chuir i n-iúil dona chéile, agus facchoinne a gcuiltear Gaelach a choinneal beo.

Tá dóigh speisialta againne, muintir na Gaeltachta, agus cultúr speisialta chomh maith, agus sílim da mbeadh áit airithe mar seo i ngach ceantar go mbeadh seans níos fearr againne ar mbeasai Gaelach a chruinniú. Séilim gurb é diomhail na h-ainéanna seo atá luité agam atá contrailte leis na daoine, níl áit acu le airnéal ach teach na comharsan agus tá siad marbh ag labhairt leofa sin, ach da mbeadh áit cruinniú acu le, céilí agus srl. ar siúil bheadh daoine ann b'fhéidir nach bhfaca a chéile a bhí an tám sin anuraidh ann, ní an aos óg, anois, a bhfuil mé ag caint air, ach na daoine nach bhfuil go óg sin. Ar ndóigh is é croí pobail ar bith an aos óg, ach ní iadsan is measa diomhail caitheamh aimsire, séilim go cheart don aos óg i ngach baile, áit a chur ar bun a mbeadh muintir na háite abalta caitheamh-aimsire a bheith ann mar luaidhe mé cheana féin. Le cóis a bheith ag cuijí lenar sinsear, bheadh siad ag spreagadh suím na ndaoine agus bheadh áit bheo, bríomhar againn.

Tá muintir Ghaoth Dobhair ag tógáil áit Phobail díofa fhéin, agus má tá siadsan in innimhe a léitheadh do fhoirgneamh a chur ar fáil, níl reasun san domhan, nach mbeadh ceantracha eile

abalta an rud cearna a dheanamh. Tá sé uilig le deanamh ag na daoine sa cheantar i gceist agus is chruinniú maith orthu go bhfuil an spiorad ceart acu. Caitfidh siad airgid a chruinniú facchoinne na hocaide seo agus leoga beidh neart airgid de dhíth. Ar ndóigh is doiche go bhfuil deontais le fáil ach caithfidh chruinniú na hoibre a bheith ag teaspaint sula mbeithear cinnte de seo.

Níl muintir Loch an Iúir ag ligint a dtaoibh fhéin don sceal síos ach oiread, agus tá an Chuir Liathróid Laimhe is fearr sa Chontae, muna bhfuil sa tir fe lathair a thógail acu. Mar a luaidhe mé i nalt don "Ghaeltacht" cheanna féin, tá leir buntaistí ag baint le Cuir Liathróid dhiuire mar seo, tá sé lan chomh maith leis an áit Phobail a raibh mé ag caint air. Tá muintir na háite uilig ag cur a ndroim leis an obair ach obair fhadalach atá ann, ach is fiú fanacht leis, no tá sé ar intinn acu teás agus solas agus achan seort aiseanna a bheith ann. Ní do liathróid laimhe amhain, atá an Chuir Liathróid Laimhe amhain, atá an Chuir Liathróid Laimhe, caide'n doigh na mbeadh, agus an suim atá sa chluiche sa cheantar seo. Cad tuige a nimhionn daoine liathróid laimhe ar

scor ar bith. Bhoill! seo cupla buntaste atá leis.

(A) Thig le imroir saol fada a bheith acu sa chluiche agus é a imirt o deich mbliana d'aois go mbeidh tú seasga ar a laghad.

(B) Níonn se tú láidir, follain agus gear chuimhseach.

(C) Spóirt atá ann a dtí leat luaidh a fháil fríd oilteach amhain.

(D) Ní ga níos mo na dha h-imreoir le cluiche a imirt.

(E) Deir na doctuir go bhfuil sé maith ag an chroí agus go gcuideann sé le

Imshruthú (Circulation) na fóla agus fostá le d'anal.

Tá cupla pointe eile atá ann tabhachtach do dhaoiní ar bith ar maith leo Cuir Liathróid.

(1) Ba cheart i gconaí é a bheith suite san áit a bhfuil an daonra is mo sa cheantar.

(2) Mas féidir ba cheart an leictreachas, agus an túisce a bheith furast a fháil, chun na foirgnimh.

(3) Ba chóir go mbeadh duine éigin ag obair ar an Chuir Liathróid a mbeadh fíos a gnoithe acu.

GACH CINEAL CAR ÚR LE FÁIL Ó:

### Greene's Garage

Faoi £100

Escort '69	Anglia '67
Capri '70	Anglia '66
Cortina '67	Mini 850 '69
Cortina '68	Van Morris 1000 '65
Fiat 125 '70	Anglia Estate '67.

Minor 1000 '62
A. 40 '64
Morris 1100 '65
Cortina '63

A.A. agus  
R.I.A.C.

An Clochán Liath

Guthan  
14.

### RADHARC NA nOILEÁN

Machaire an Chlochair

Earraí Grósaera, Milseógra

### Foireann Peile Anagaire sna Caogaidí



A chlóbhualadh sa Ghaeltacht ag Cló na Rosann, Gaeltachtaí